Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

REGIONAL WASTE MANAGEMENT PLANNING OFFICES

FÓGRA POIBLÍ

AN TACHT UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA, 1996 AGUS NA RIALACHÁIN UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA (PLEANÁIL), 1997

FÓGRA RÚIN CHUN PLEAN NÁISIÚNTA UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA A DHÉANAMH DO GHEILLEAGAR CIORCLACH

De réir Alt 23 (1) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 agus na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pleanáil), 1997, tugann Údaráis Áitiúla fógra leis seo, de réir na struchtúr atá leagtha amach sa tablá thíos, maidir lena dtogra chun Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach a dhéanamh i dteannta a chéile.

I gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus Cláir Áirithe) 2004 (A.I. 435 de 2004 arna leasú ag A.I. Uimh. 200 de 2011), tá Measúnú Straitéiseach Comhshaoil á dhéanamh freisin thar ceann na nÚdarás Áitiúil. Ullmhaíodh Tuarascáil Timpeallachta a dhéanann measúnú, ar leibhéal straitéiseach, ar na tionchair shuntasacha chomhshaoil is dócha a bheidh ag cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach ("an Dréachtphlean").

Tugadh faoi Mheasúnú Cuí faoi Airteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga 92/43/EEC chomh maith chun a fháil amach an bhféadfadh an Dréachtphlean tionchar suntasach a bheith aige ar an láithreán atá ainmnithe le haghaidh caomhnaithe mar chuid de ghréasán Natura 2000 agus ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura chomh maith.

Is féidir cóip den Dréachtphlean agus den Tuarascáil Timpeallachta agus den Ráiteas Tionchair Natura a bhaineann leis a íoslódáil ó mywaste.ie.

Is féidir cóip den Dréachtphlean a iniúchadh ag na seoltaí a thugtar thíos le linn gnáthuaireanta oibre agus is féidir cóip a cheannach ag na seoltaí céanna ar tháille €75.

Is féidir aighneachtaí / tuairimí maidir leis an Dréachtphlean agus an Tuarascáil Timpeallachta agus an Ráiteas Tionchair Natura a bhaineann leis a dhéanamh ar líne ag mywaste.ie, ar r-phost chuig submissions@nationalwasteplan.ie nó tríd an bpost chuig na Príomh-Údaráis, mar atá leagtha amach thíos agus cuirfear san áireamh iad sula dtabharfar an Plean chun críche. Is é an dáta is déanaí a ghlacfar le huirlil ná 4i.n. ar an 5/7/2023.

Réigiún	Príomh-Údarás	Seoladh Teagmhála
Connacht-Uladh: Údaráis Áitiúla An Cabhán, Dún na nGall, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe, Liatroim, Maigh Eo, Muineachán, Ros Comáin, Sligeach	Comhairle Contae Mhaigh Eo	Comhordaitheoir Dramhaíola Réigiúnach Oifig Bainistíocha Dramhaíola Réigiún Chonnacht–Uladh , Comhairle Contae Mhaigh Eo, Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo 094 9064000 R-phost: rwmo@mayococo.ie
Oirthear-Lár Tíre: Údaráis Áitiúla Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire/Ráth an Dúin, Fine Gall, Cill Dara, Laois, An Longfort, Lú, An Mhí, Uíbh Fhailí, Baile Átha Cliath Theas, Cill Mhantáin, An Iarmhí	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Comhordaitheoir Dramhaíola Réigiúnach Oifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirthir-Lár Tíre, c/o Oifigí na Cathrach, Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8 01 222 2023 R-phost: emwr@dublincity.ie
Deisceartach: Údaráis Áitiúla Ceatharlach, An Clár, Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí, Ciarraí, Cill Chainnigh, Luimneach, Tiobraid Árann, Port Láirge, Loch Garman	Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh Comhairle Contae Thiobraid Arann Comhúdaráis Cheannais	Comhordaitheoir Dramhaíola Réigiúnach Oifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Teach Lios an Fháltaigh, Tuar an Daill, Contae Luimnigh. 061 596840 R-phost: info@srwmo.ie